AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2018
SWD(2018) 409 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le cosc a chur le scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne**

{COM(2018) 640 final} - {SEC(2018) 397 final} - {SWD(2018) 408 final}

## Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Meastachán tionchair maidir le cosc a chur le scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne

### A. An gá atá le beart

#### Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Is cúis mhór imní agus údar práinne fós atá i bhforleathnú ábhair sceimhlitheoireachta ar líne don tsochaí agus don saol polaitiúil. Ainneoin bearta éagsúla neamhrialála, tá seirbhísí óstála ar líne fós á n-úsáid le hábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh.

#### Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Is éard is aidhm don tionscnamh seo breis muiníne a bheith ag daoine sa timpeallacht ar líne sa Mhargadh Aonair Digiteach trí theorainn a chur leis an ábhar sceimhlitheoireachta atá ar fáil ar líne agus san am céanna ardleibhéal slándála a áirithiú do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh. Is éard is aidhm dó go sonrach cur le héifeachtacht na mbeart atá ann le hábhar sceimhlitheoireachta a bhrath agus a bhaint anuas, agus san am céanna cur le trédhearcacht agus le cuntasacht na soláthraithe seirbhísí óstála. Is aidhm fós don bheart feabhas a chur ar chumas na n-údarás inniúil ábhartha ag dul chun gnímh dóibh in aghaidh ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, agus cosaint a dhéanamh in aghaidh an bhaoil a bhaineann le hábhar dleathach a bhaint anuas go hearráideach, agus cosaint iomchuí na gceart bunúsach.

#### Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Formhór na n-ardán ar líne, is trasna teorainneacha a bhíonn siad ag oibriú, agus cuireann siad an rochtain ar ábhar i gcumas gan beann ar an áit a bhfuil úsáideoirí ná soláthraithe na faisnéise lonnaithe. Tá reachtaíocht déanta ag na Ballstáit sa réimse a bhaineann le hábhar neamhdhleathach ar líne a bhaint anuas, ach maidir le riachtanas áirithiú na slándála poiblí ar an leibhéal náisiúnta, sin rud is gá a chur i gcothrom le saoirse bhunúsach an tsoláthair seirbhísí, agus le saoirse na bunaíochta faoi rialacha an mhargaidh aonair.

Is cosúil creat de rialacha náisiúnta gan mórán iomláine a bheith ag teacht chun cinn, nó tá an baol sin ann, rud a chuirfeadh an tsaoirse le bunaíocht éifeachtach a chleachtadh i gcontúirt chomh maith leis an tsaoirse i leith seirbhísí soláthraithe san Aontas, rud nach ndéanfadh fós ach teorainn a chur le héifeachtacht an chomhraic in aghaidh ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, mar is ardú ar chostais chomhlíonta do ghnólachtaí an toradh a bheadh air.

Ní leor ann féin gníomh na mBallstát le dul i ngleic go héifeachtach leis an dúshlán atá i srianadh an ábhair neamhdhleathaigh atá ar fáil ar líne, ó tharla an cineál seirbhísí atá i gceist, agus an dul chun ilroinnte atá ag tarlú sa mhargadh inmheánach.

### B. Réitigh

#### Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?

Chomh maith leis an mbunlíne féin, cuireadh trí rogha i gcás leis an Measúnú Tionchair, rud ba léargas ar chur chuige idirghabhála den chineál céanna agus é ina chéimeanna éagsúla dianais i dtaobh éifeachtachta agus tionchair ar chearta bunúsacha. I measc na mbloc tógála atá ann i dtaca leis na roghanna, tá seo:

Forálacha le **comhchuibhiú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a bhaineann le hábhar sceimhlitheoireachta a bhaint anuas nó an rochtain air a dhíchumasú** i ndiaidh ordú baint anuas ó údarás náisiúnta. Leis na nósanna imeachta a chur i gcumas, tá rud eile i gceist leis an gcomhchuibhiú, is é sin **sainmhíniú coiteann ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne** (sainmhínithe éagsúla á meas faoi na trí rogha), maille le soiléire i dtaca leis an **sásamh breithiúnach** atá ar fáil do sholáthraithe seirbhísí óstála agus do sholáthraithe ábhair in aghaidh orduithe baint anuas (rud atá i gcoiteann ag na roghanna ar fad).

Forálacha le **nósanna imeachta trédhearcacha** a áirithiú, agus le **tuairisciú trédhearcach** chuig na húdaráis agus chuig an gCoimisiún a áirithiú (rud atá mar a chéile sna roghanna ar fad), is rud é a mhéadódh an chuntasacht agus an mhuinín as próiseas modhnaithe an ábhair, rud a thacódh le lucht déanta beartas agus le

húdaráis náisiúnta agus iad ag comhrac le hábhar sceimhlitheoireachta, agus rud a thabharfadh breis tuisceana do na húsáideoirí ar an gcaoi a gcuireann na soláthraithe seirbhísí óstála a gcuid beartas bainistíochta ábhair i bhfeidhm.

**An Comhoibriú trasna na n-údarás náisiúnta agus Europol** (go dian nó go han-dian ó rogha go chéile), is rud é a chuirfeadh lena gcumas gníomh a dhéanamh i gcomhar le chéile in aghaidh an ábhair sceimhlitheoireachta, bheadh seachaint na dúbailte ann, agus laghdódh sé cúrsaí castachta agus costais do na soláthraithe seirbhísí óstála le linn dóibh a bheith ag idirghníomhú le húdaráis náisiúnta nó le linn dóibh a bheith ag tairiscint seirbhísí trasteorann.

Mar aon leis sin, forálacha lena n-áirithiú sna cásanna sin ina bhfuil cuideachtaí neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta, go gcuireann na soláthraithe seirbhísí óstála **bearta iomchuí comhréireacha** i bhfeidhm **le hábhar sceimhlitheoireachta a bhrath go réamhghníomhach** (riachtanais éagsúla ó rogha go chéile).

**Cosaintí** (rud atá i gcoiteann ag na roghanna ar fad) agus forálacha le háirithiú nach ndéanfar ábhar dleathach a bhaint anuas go hearráideach de thoradh ar bhearta um brath agus baint anuas ábhair sceimhlitheoireachta, cosaintí agus forálacha le háirithiú chomh maith go gcomhlíontar cearta bunúsacha.

Forálacha **le háirithiú gur féidir na bearta a chur i bhfeidhm** (rud atá i gcoiteann ag na roghanna ar fad), forálacha lena n-áirítear ionadaithe dlíthiúla a bhunú i gcás cuideachtaí nach as an Aontas iad, chomh maith le pointí teagmhála a chur ar bun, agus a áirithiú go bhfuil tacar comhleanúnach smachtbhannaí i bhfeidhm ag na Ballstáit.

Is éard atá sa tuarascáil cumasc na mbeart is éifeachtaí de réir mar a mheastar sa dul i ngleic le hábhar sceimhlitheoireachta ar líne. Is éard atá i gceist léi freisin meastóireacht ar na buntáistí a bhaineann le blocanna tógála éagsúla i dtéarmaí éifeachtachta.

Is éard is conclúid don Mheasúnú Tionchair gurbh éifeachtaí an rud a bheadh ann i gcomhlíonadh chuspóirí an bheartais bearta den chineál seo a leanas a chur san áireamh: sainmhíniú cuimsitheach ar an rud is ábhar sceimhlitheoireachta ann; é a bheith ina riachtanas ábhar a bhaint anuas den idirlíon laistigh d’uair an chloig más ábhar é ar cuireadh suntas ann sna horduithe baint anuas; tarchur ó Europol agus ó na Ballstáit araon a mheas, mar aon le riachtanais do na soláthraithe seirbhísí óstála atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta bearta réamhghníomhacha a dhéanamh le hábhar sceimhlitheoireachta nua a bhrath agus le hath-uaslódáil ábhair aitheanta a chosc, maille le tacar daingean cosaintí in aghaidh ábhar dleathach a bhaint anuas go hearráideach, sin agus oibleagáidí trédhearcachta.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Tríd agus tríd, is í rogha na bunlíne an rogha a dtacaíonn na soláthraithe seirbhísí óstála léi, agus dar leo gur mithid éifeacht iomlán na mbeart neamhrialála a mheas ar an gcéad dul síos. Má ghlactar ionstraim dlí, is ansin a thacaíonn siad le hidirghabháil spriocdhírithe faoi ghnóthaí sonracha a bhfuil leas an phobail i gceist leo go mór.

Aithníonn na Ballstáit go bhfuil gá le tuilleadh bearta tacaíochta (.i. forbairt leanúnach ar an mbunlíne), agus tacaíonn siad le hidirghabháil atá dírithe ar ábhar sceimhlitheoireachta. Chuir na Ballstáit béim faoi leith ar an riachtanas atá ann sainmhíniú coiteann a bheith ar ábhar sceimhlitheoireachta, ar na ceanglais maidir le gníomh i ndiaidh tarchuir, bearta réamhghníomhacha mar aon le trédhearcacht agus bearta le gur fusa rochtain a fháil ar ábhar a baineadh anuas i gcomhair fhorfheidhmiú an dlí. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún togra reachtaíochta a chur i láthair le feabhas a chur ar bhrath agus baint anuas ábhair sceimhlitheoireachta nuair is ábhar é a bhfuil gríosú chun fuatha ann agus chun bearta sceimhlitheoireachta a dhéanamh.

An tsochaí shibhialta atá ina hionadaí do chearta digiteacha agus lucht léinn, tá tacaíocht curtha in iúl acu d’éabhlóid na bunlíne. Mhol siad meon an airdill a chleachtadh i leith cuid de na comhchodanna atá san áireamh sna roghanna rialála, go mór mór maidir le bearta réamhghníomhacha, agus an tionchar ar chearta bunúsacha. Bhí daoine aonair ann a raibh imní orthu faoi na rudaí céanna sna freagraí a thug siad nuair a chuathas i gcomhairle leis an bpobal; bhí sampla ionadaíoch ann i measc na saoránach a thug freagraí ar Eorabharaiméadar tiomnaithe, sin saoránaigh a thacaíonn le breis beart ar leibhéal an Aontais in aghaidh ábhar neamhdhleathach ar líne.

## C. Costais agus buntáistí na rogha tosaíochta

Tá cur síos mionsonraithe sa Mheasúnú Tionchair seo ar na costais agus ar na buntáistí a bhaineann leis na

bearta a áirítear faoi gach rogha. Is éard is conclúid don mheasúnú gurb é rogha 3 is éifeachtaí. Is mór an chomaoin a chuirfeadh rogha an bheartais ar chomhlíonadh chuspóirí an bheartais, agus is iad ba thairbhiúla i gcoibhneas le scála agus le raon na faidhbe. Cé go meastar gurb é an tríú rogha is mó a mbeidh tionchar aige ar chúrsaí eacnamaíochta i gcoibhneas leis na costais ionchasacha agus leis an ualach riaracháin breise, sin é an rogha is mó a mbeadh tairbhe air.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Cuirfear clár mionsonraithe faoi fhaireachán na n-aschur, na dtorthaí agus na dtionchar ar an reachtaíocht i dtoll a chéile mar chuid den mheastóireacht. Is ar fhaisnéis a bhailítear ó na Ballstáit a bhunófar an fhaireachán go príomha, faisnéis a bhailíonn na húdaráis inniúla le linn dóibh a bheith i mbun a ndualgas, agus tuarascálacha trédhearcachta atá ar fáil go poiblí á gcomhlánú. Is iad na soláthraithe seirbhísí óstála a chuirfidh sonraí eile ar fáil, go mór mór maidir le bearta réamhghníomhacha, mar chuid dá gcuid oibleagáidí tuairiscithe. I gcás na roghanna ar fad, déanfar an faireachán a chomhlánú le taighde ionas gur fearr an tuiscint a bheidh ar scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh ar líne, mar aon le rianú na héabhlóide teicniúla a bhaineann le huirlisí uathoibríocha d'ábhar neamhdhleathach a bhaint anuas.